POBAL CHRÍOST RÍ
GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

1ú Samhain 2026
www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live

AIFRINN NA SEACHTAINE

31.10	Dé Sathairn 7 i.n Padaí Bán Ó Gallchóir, Caoldroim
01.11	Dé Domhnaigh 9 r.n. **Lá Féile Na Naomh Uilig** Muintir Jack & John McGonagle, An Ailt
01.11	Dé Domhnaigh 11 r.n. (Cuimh Míosa) Bríd (Dinny) Gallagher, Mín Lárach
02.11	Dé Luain 7 i.n. **Lá na Marbh** Nóibhéine na Marbh
03.11	Dé Mairt 10 r.n. Noibhéine na Marbh
04.11	Dé Céadoine 7.00 i.n. Noibhéine na Marbh
05.11	Déardaoin 7.00 i.n. Noibhéine na Marbh
06.11	Dé hAoine 7.00 i.n. Noibhéine na Marbh
07.11	Dé Sathairn 11.00 r.n. - **An Chéad Satharn** De Sathairn 7.00 i.n. Hughie Mac Aoidh, Fana Bhuí
08.11	Dé Domhnaigh 9.00 r.n. Annie Cannon, An Mhín Charraic Dé Domhnaigh 11.00 r.n. Annie & Paddy McCauley

BÁS LE GAIRID
Seán O Briain, An Ardaí Bheag/Carraig Mhachaire Rois
Séamus Ó Maoilchiaráin, Gort a' Choirce
John J Sweeney, Philadelphia/Doire Chonaire
Bríd O'Donnell, Rann na Feirste/An Ardaí Bheag

CRUINNIÚ AIRGID
Tógadh €1,190 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.
*Cruinníodh €870 do na Misin. Buíochas don phobal.

CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – 087 1965933
BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA 085 756 0177

THE IRISH CATHOLIC
Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain. €3.00 sa bhocsa bhán

MÍ AN PHAIDRÍN
Paidrín sa Teach Phobail achan Mháirt do theaghlaigh tré idirghuí Naomh Mhuire agus Naomh Carlo 6.20 - 6.40 i.n. le linn Mí Dheireadh Fómhair

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh. 7.00 i.n.

LÁ FÉILE NA NAOMH UILIG

AN CHÉAD LÉACHT
Sliocht as leabhar an Apacailipsis. 7:2-4, 9-14.
Chonaic mé aingeal eile anoir chugam ó éirí gréine agus séala an Dé bhí aige. Ghlaoigh sé in aird a ghotha ar na ceithre haingle ar cuireadh de chúram orthu neamh agus talamh a scrios agus dúirt sé leo: "Ná déanaigí dochar do mhuir ná do thalamh ná do chrainn nó go raibh séala curtha againn ar sheirbhísigh Dé ar chlár a n-éadáin." Chuala mé líon an t-slóigh ar cuireadh an séala orthu, céad daichead is a ceathair de mhílte as gach treibh de chlann Isráél.
Ina dhiaidh sin, d'amharc mé arís agus siúd an slua gan áireamh de dhaoine as gach cine, treibh, pobal agus teanga; iad ina seasamh os comhair na rí-chathaoireach i láthair an Uain, éide geal orthu, craobhacha pailme ina láimh agus iad ag glaoch in ard a gcinn le chéile: "Slánú dár nDia atá ina shuí ar an rí-chathaoir agus don Uan!" Sheas na haingle go léir thart timpeall na rí-chathaoireach, na seanóirí agus na gceithre beithíoch; thit siad ar a mbéal fúthu os comhair na rí-chathaoireach agus thug adhradh do Dhia á rá: "Amen. Moladh agus glóir agus eagna agus buíochas agus onóir agus cumhacht agus neart dár nDia trí shaol na saol. Amen."
Ansin d'iompaidh duine de na seanóirí chugam agus dúirt: "Iad sin atá gléasta in éidí gheala, cé hiad féin nó carbh as díobh?" Duirt mise leis: "A Thiarna, is agatsa is fearr atá a fhios sin." Ansin dúirt sé liom: "Sin iad an dream a tháinig slán ón phianchrá mhór agus a gcuid róbaí nite geal i bhfuil an Uain."
Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

FREAGRA AN tSAILM:
A leithéid siúd a bhíonn ar do thóir, a Thiarna

AN DARA LÉACHT
Sliocht as céad litir Naomh Eoin. 3:1-3.
A chlann ionúin, a leithéid de ghrá is a thug an tAthair dúinn,
go dtabharfaí clann Dé orainn; agus is amhlaidh sinn.
'Sé 'n fáth nach n-aithníonn daoine dona an t-saoil,
sin mar nach bhfuair siad aithne airsean go fóil.
A chairde na páirte, is clann Dé sinn cheana féin,
níor foilsíodh dúinn go fóill cé mar bheimid;
ach nuair a fhoilseofar é, tá a fhios againn an méid seo;
go mbeimid cosúil leisean agus tchifimid é mar atá sé.
Gach duine a chuirfeas an dóchas sin roimhe
naomhaíonn sé é féin mar atá seisean naofa.
Briathar an Tiarna. **FR. Buíochas do Dhia.**

SOISCÉAL
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 5:1-12.
Nuair a chonaic Íosa na sluaite, chuaigh sé suas an sliabh. Shuigh sé síos agus tháinig a dheisceabail chuige. Thoisigh sé ag caint leo á dteagasc agus dúirt:
'Is beannaithe na bochta ó spiorad, óir is leo ríocht na fhlaitheas.
Is beannaithe na daoine ceansa, nó gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.
Is beannaithe lucht an dóláis, nó gheobhaidh siad sólás.

Is beannaithe iad sin a mbíonn ocras agus tart na córa orthu, nó gheobhaidh siad a sáith.
Is beannaithe lucht na trócaire, nó gheobhaidh siad trócaire.
Is beannaithe lucht an ghlanchroí, nó tchífidh siad Dia.
Is beannaithe lucht déanta na síochána, nó bhéarfar clann Dé orthu.
Is beannaithe iad sin a fhulaingíos géarleanúint ar son na córa, nó is leo ríocht na bhflaitheas.
Is beannaithe sibh féin nuair a bhéarfar achasán daoibh, agus nuair a chuirfear géarleanúint oraibh, agus á dhéanfar ithiomrá bréige oraibh mar gheall ormsa. Bíodh lúcháir oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh.'
Soiscéal an Tiarna. **FR. Moladh duit, a Chríost.**

TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
MÁITHREACHA BREITHE Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
TACAÍOCHT AR FÁIL An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
Narcotics Anonymous 087 4045030 / 00447810172991
AA (Alcoholics Anonymous) 087 6273596
AL ANON 018732699. info@al-anon-ireland.org

Aifreann Cuimhneacháin
Beidh Aifreann Cuimhneacháin do theaghlaigh a chaill duine nó daoine i dtimpistí bóthair ar 15/11/2026 ag 11.00 r.n.

HALLA NA PARÓISTE
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30 i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00 i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7.00 - 12.00 i.n.
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 - 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 - 8.30 i.n

CLÉIRIGH
Dé Sathairn 24/10 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 25/10 @ 9.00: Iarla, Naoise & Paddy Ó Ceallaigh
Dé Domhnaigh 25/10 @ 11.00:

Dé Sathairn 31/10 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
Dé Domhnaigh 01/11 @ 9.00:
Dé Domhnaigh 01/11 @ 11.00: Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

LÉITHEOIRÍ - Samhain
Dé Sathairn @ 7 i.n. Maireád Ní Mhaolchiaráin
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Mícheál Mac Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Seán B Ó Gallchóir
MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Samhain
Dé Sathairn @ 7 i.n. Anne Nic Suibhne & Mairead Ní Cholla
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Nóirín Nic Aoidh & Sinéad Ní Cholm
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Méabha Whoriskey & Bríd Nic Eachmharcaigh

IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH
Dé Luain:
Glígíní 10.00-11.30 r.n.
Dé Máirt:
Damhsa Líne - Tosaitheoirí (6-7) Feabhsaitheoirí (7-8)
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise 10-12 i.n
Déardaoin:
Aeróbaice Cathaoir 11-12 Aeróbaic Chéime 12-12.30
Ranganna Tacaíochta Foghlama 4 i.n Le tuilleadh eolais cuir scairt ar an Ionad 0749135556/0830769242
Club Óige ar ais Dé Céadaoin,cuir scáirt ar Maria 0830769242
"**Find the Joker":** Tarraingt beo ar ár leathanach FB gach Déardaoin @ 7 i.n. Dóibh siúd atá ag ceannacht ar líne, cuir teachtaireacht chugainn le do chuid uimhreacha.

Aonad Oideachas Gort an Choirce (F92 Y44Y)
*Ranganna Fón Cliste Gach Luan. 10 r.n - 12 meán lae.
*Foghlaim an dóigh le: Do ghuthán a nuashonrú, Aipeanna nua a chur ar do ghuthán, Scams agus calaois a aithint.
*Bíodh cupán tae agus comhrá agat agus tú ag foghlaim. **Glaoigh nó téacsáil Mairéad ar 086 174 0677**

Buíon Cheoil Sinsear Chloich Cheann Fhaola:
Beidh Cruinniú Cinn Bliana ag Buíon Cheoil Sinsear Chloich Cheann Fhaola Dé Sathairn an 7ú lá de mhí na Samhna, in Ionad Naomh Fionnán, An Fál Carrach, ar a 8.00 i.n.

BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)
Lotto: Comhghairdeachas le David Harkin a bhain €100
B'iad 3-5-8-14-16-18 na huimhreacha. Póta óir anois €4,000

SEANDAOINE/DAOINE TINNE
Beidh An tAth Donnchadh ag tabhairt cuairt ar na seandaoine/daoine tinne an tseachtain seo.

Dé Luain: Maidin - Cill Ulta & Seanbhaile -
Iarnóin - Doire Chonaire & Mín Charraic
Dé Céadaoine: Machaire Rabhartaigh & Min Larach
Dé hAoine: Gort a' Choirce, An Bhealtaine, Fána Bhuí & An Cheathrúin

Rúndiamhair an Chreidimh
Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine